# Bainistíocht ranga

**Is gá an léitheoireacht a theagasc le go mbeidh páistí in ann léamh go neamhspleách sa Ghaeilge**.

Moltar go mbeadh réimse de chomhthéacsanna léitheoireachta ag páistí;

## Léitheoireacht iomlán ranga

## Léitheoireacht ghrúpa

## Léitheoireacht neamhspleách

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag páistí feidhmiú mar ghrúpa go neamhspleách ach le beagán tacaíochta ón mhúinteoir nuair is gá.

Má tá treoir shoiléir ann beidh na páistí in ann bheith ag comhoibriú agus ag tacú lena chéile. **Níl aon ghá le daoine breise sa rang leis an léitheoireacht ghrúpa a chur i bhfeidhm go héifeachtach**. Is céim í seo i dtreo an neamhspleáchais agus is deis í an straitéis nua foghlama a chleachtadh.

Agus tú ag teagasc na léitheoireachta sa dá theanga is féidir na comhthéacsanna a chur ar fáil sa dá theanga agus a chinntiú go mbíonn taithí ag léitheoirí i nGaeilge agus i mBéarla i gcomhthéacsanna difriúla. Is féidir na céimeanna thíos a mhalartú idir Gaeilge agus Béarla leis an taithí léitheoireachta a leathnú sa dá theanga.

...........................................................................................................................................

Ag brath ar an straitéis atá á múineadh is féidir go mbeidh ceachtanna difriúla i gceist le léitheoireacht iomlán ranga agus léitheoireacht ghrúpa. Is féidir go mbeidh an léitheoireacht neamhspleách ag tarlú ag am eile. Is céim thábhachtach í an léitheoireacht neamhspleách leis na straitéisí nua a chleachtadh agus a dhaingniú.
**Is féidir téacsanna a athléamh don léitheoireacht neamhspleách.**

# Moltaí do chomhthéacsanna léitheoireachta

## 1: Léitheoireacht iomlán ranga

- **Léitear agus pléitear** téacs/straitéis leis an rang iomlán, faoi stiúir an mhúinteora. Bain úsáid as téacs oiriúnach/samplach.
- **Mínigh an straitéis**/na straitéisí agus an bhaint atá aige le sprioc na léitheoireachta.
- **Múnlaigh an straitéis** trí smaointeoireacht agus léamh os ard.
- Déan cinnte go mbeidh an **téarmaíocht agus an teanga chuí** ag na páistí ag an chéim seo. Beidh siad in ann í a úsáid sa phlé.
- **Treoraigh na páistí** trí shleachta eile a léamh os ard le chéile le macalla ( i do dhiaidh) agus go córúil (le chéile) agus iad ag cur na straitéise i bhfeidhm le tacaíocht.
- **Tacaigh leis na páistí** athmhachnamh a dhéanamh trí iarraidh orthu a mhíniú conas a úsáidfidh siad an straitéis ina léitheoireacht féin.
- **Cleacht an straitéis** trí iarraidh ar na páistí an straitéis a chur i bhfeidhm le sliocht eile atá á léamh acu, le beagán tacaíochta.
- Is féidir an téacs céanna bheith ag gach páiste/an téacs céanna ag gach grúpa ach straitéis(í) a phlé mar rang iomlán nó is féidir go mbeidh a rogha féin téacs ag gach páiste agus straitéis(í) a phlé mar rang iomlán.
- Níos faide ar aghaidh sa phróiseas is féidir go mbeidh réimse straitéisí á phlé in aon cheacht amháin.
- Agus na straitéisí ar fad clúdaithe, ceann ar cheann agus in éineacht le straitéisí eile, iarr ar pháistí straitéisí cuí a roghnú ina léitheoireacht féin. Iarr orthu na straitéisí a aithint, a ainmniú agus a mhíniú.

## 2: Léitheoireacht ghrúpa

- Más ceacht nua é seo gabh siar ar an spriocstraitéis a rinneadh mar cheacht iomlán ranga agus tabhair treoir maidir leis an straitéis a úsáid le téacs nua.
- Cuir na páistí i ngrúpaí. Ag brath ar an straitéis atá  gceist: Is féidir go mbeidh na grúpaí curtha le chéile de réir measúnaithe agus le díriú ar riachtanas faoi leith. Is féidir go mbeidh siad i ngrúpaí beaga ach gan aird faoi leith a bheith ar aon ghrúpa.
- Is féidir go mbeidh an téacs céanna ag gach páiste/grúpa nó téacs difriúil de réir riachtanais. Is féidir díriú ar an straitéis chéanna le gach duine, ach cuirfidh na páistí an straitéis i bhfeidhm sna grúpaí le téacs atá ag leibhéal atá oiriúnach dóibh.
- Is féidir go mbeidh gá le díriú ar straitéisí difriúla le grúpa/páistí difriúla. Sa chás seo tabhair tacaíocht chuí agus déan nóta den fhorbairt.
- Déan cinnte go ndéantar athbhreithniú ar ghrúpaí go rialta. Is féidir go mbeidh forbairt ag páistí agus go n-athrófar riachtanais.
- Má tá na téacsanna oiriúnach ba chóir go mbeadh na páistí in ann iad a léamh. Mol dóibh téacsanna a léamh agus a athléamh sna grúpaí. Is féidir téacs a a chleachtadh le grúpaí faoi leith le léitheoireacht le macalla agus go córúil leis an líofacht a fheabhsú.

- Gabh siar ar na téarmaí agus an teanga chuí lena chinntiú go mbeidh an Ghaeilge chuí in úsáid sna grúpaí. Is deis í seo an teanga a chleachtadh ó bhéal.
- Cuireann na páistí na straitéisí tuisceana i bhfeidhm sna grúpaí beaga faoi threoir an mhúinteora le leibhéil éagsúla tacaíochta agus téacsanna oiriúnacha ag brath ar na riachtanais atá acu.
- Tabhair leideanna agus tacaíocht nuair is cuí. Mol plé agus déan arís é le sliocht eile.
- Mol athmhachnamh ar na straitéisí agus an cuidiú a thug an straitéis dóibh an téacs a léamh agus a thuiscint. Cad é mar is féidir an straitéis seo a úsáid amach anseo?
- Is féidir an nasc a dhéanamh leis an straitéis seo i mBéarla. Cad é atá mar an gcéanna? Cad é atá difriúil?
- Is féidir iarraidh ar na páistí dialanna/leabhar nótaí a choinneáil agus a gcuid foghlama a thaifeadadh ann.
- Níos faide ar aghaidh sa phróiseas is féidir go mbeidh réimse straitéisí a phlé in aon cheacht amháin.
- Agus na straitéisí ar fad clúdaithe, ceann ar cheann agus in éineacht le straitéisí eile, iarr ar pháistí straitéisí cuí a roghnú ina léitheoireacht féin. Iarr orthu na straitéisí a aithint, a ainmniú agus a mhíniú.
- **Measúnú:** Socraigh cé chomh minic is a dhéanfaidh tú measúnú. Éist leis na páistí ag léamh os ard, duine ar dhuine, agus breac nótaí ar na scileanna agus na straitéisí a bhíonn in úsáid agus in easnamh acu. Breac nótaí ar chur i bhfeidhm na straitéisí atá déanta go dáta. Bain úsáid as na leathanaigh atá sa leabhrán seo.

## 3: An léitheoireacht neamhspleách

- Is gá cleachtadh na léitheoireachta a dhéanamh go neamhspleách.
- Is féidir athléamh a dhéanamh ar théacsanna atá léite roimhe. Tabharfaidh seo muinín do léitheoirí drogallacha.
- Iarr ar na páistí rud a thabhairt faoi deara nár thug siad faoi deara ar an chéad/dara léamh.
- Spreagfaidh an léitheoireacht níos mó léitheoireachta.
- **Dírigh ar léitheoireacht ar mhaithe leis an léitheoireacht!**

## Pleanáil do cheachtanna léitheoireachta

- Ba chóir go mbeadh ceachtanna ar an léitheoireacht iomlán ranga, an léitheoireacht ghrúpa agus an léitheoireacht neamhspleách ann **gach lá**, Gaeilge agus/nó Béarla.
- Más i mBéarla is mó a léitear sa bhaile, tabhair níos mó deiseanna Gaeilge a léamh le tacaíocht ar scoil.
- Is féidir an scil/straitéis céanna a dhéanamh sa dá theanga sa lá céanna.
- Is féidir díriú ar theanga amháin lá amháin ach a chinntiú go mbíonn deis ann an Ghaeilge a léamh gach lá.
- Is féidir athléamh a dhéanamh don léitheoireacht neamhspleách le scil nua a chleachtadh.
- Is féidir an léitheoireacht neamhspleách a dhéanamh i nGaeilge, i mBéarla nó sa dá theanga ag brath ar am. Tabhair ról lárnach do na tuismitheoirí!
- I gcuraclam comhtháite is féidir go mbeidh an léitheoireacht mar chuid de cheacht staire/tíreolaíochta srl.

Tá moladh garbh (uaillmhianach) ar an tábla thíos a léiríonn minicíocht na gceachtanna i nGaeilge (G) agus i mBéarla (B). Tuigeann tú féin do chomhthéacs féin, mar sin, bain úsáid as na moltaí seo i gcomhthéacs do ranga/scoile féin.

An rud is tábhachtaí ná an gá le réimse comhthéacsanna agus an léitheoireacht sa dá theanga thar na comhthéacsanna.

| Luan | Máirt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine |
|---|---|---|---|---|
| Léitheoireacht iomlán ranga (G) | Léitheoireacht iomlán ranga (B) | Léitheoireacht iomlán ranga (G) | Léitheoireacht iomlán ranga (B) | Léitheoireacht iomlán ranga (G) |
| Léitheoireacht ghrúpa (B) | Léitheoireacht iomlán ranga (G) | Léitheoireacht ghrúpa (B) | Léitheoireacht ghrúpa (G) | Léitheoireacht ghrúpa (B) |
| Léitheoireacht neamhspleách | Léitheoireacht neamhspleách | Léitheoireacht neamhspleách | Léitheoireacht neamhspleách | Léitheoireacht neamhspleách |

**Ná déan dearmad – is ionann am ar theanga amháin am ar gach teanga!**

# Ó rang iomlán go grúpa go léitheoireacht neamhspleách

## Míniú

| | |
|---|---|
| Míníonn an múinteoir an straitéis agus cén uair lena húsáid | Rang iomlán nó grúpa<br>Éisteann na páistí le tuiscint |

## Múnlú

| | |
|---|---|
| Déanann an múinteoir an straitéis a mhúnlú trí smaoineamh os ard i rith na léitheoireachta | Rang iomlán nó grúpa<br>Bíonn na páistí ag éisteacht agus ag breathnú le tuiscint |

## Cleachtas faoi threoir

| | |
|---|---|
| Tugann an múinteoir treoir agus tacaíocht le straitéis a úsáid | Grúpa nó neamhspleách<br>Baineann na páistí úsáid as an straitéis |

## Cuir i bhfeidhm

| | |
|---|---|
| Tugann an múinteoir deiseanna do na páistí an straitéis a chur i bhfeidhm go neamhspleách | Neamhspleách nó grúpa<br>Cuireann na páistí an straitéis i bhfeidhm le tuiscint agus le míniú |

Grúpa: ............................................... Dáta: ...........................

# Grúpaí Léitheoireachta

## Nótaí

| Dalta | Dhírigh muid ar ... | | Tacaíocht de dhíth le ... | Líofacht Luas/Prosóid |
|---|---|---|---|---|
| | Léitheoireacht chórúil<br>Fóinéimí/Moirféimí<br>Foclóir<br>Achoimre<br>Tuar<br>Ceistiú | | | |
| | Léitheoireacht chórúil<br>Fóinéimí/Moirféimí<br>Foclóir<br>Achoimre<br>Tuar<br>Ceistiú | | | |
| | Léitheoireacht chórúil<br>Fóinéimí/Moirféimí<br>Foclóir<br>Achoimre<br>Tuar<br>Ceistiú | | | |
| | Léitheoireacht chórúil<br>Fóinéimí/Moirféimí<br>Foclóir<br>Achoimre<br>Tuar<br>Ceistiú | | | |
| | Léitheoireacht chórúil<br>Fóinéimí/Moirféimí<br>Foclóir<br>Achoimre<br>Tuar<br>Ceistiú | | | |
| | Léitheoireacht chórúil<br>Fóinéimí/Moirféimí<br>Foclóir<br>Achoimre<br>Tuar<br>Ceistiú | | | |

Grúpa: ...................................... Dáta: .........................

# Grúpaí Léitheoireachta

## Nótaí

| Dalta | Dhírigh muid ar ..... | | | | Tacaíocht de dhíth le ... | Líofacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Léitheoireacht chórúil | | Achoimre | | | |
| | Aithint focal | | Tuar | | | |
| | Scileanna Fónaice | | Tátal | | | |
| | Foclóir | | Ceistiú | | | |
| | Réamheolas | | Amharcléiriú | | | |
| | Smaoineamh os ard | | Naisc | | | |
| | Pointí tábhachtacha | | Monatóireacht | | | |
| | Léitheoireacht chórúil | | Achoimre | | | |
| | Aithint focal | | Tuar | | | |
| | Scileanna Fónaice | | Tátal | | | |
| | Foclóir | | Ceistiú | | | |
| | Réamheolas | | Amharcléiriú | | | |
| | Smaoineamh os ard | | Naisc | | | |
| | Pointí tábhachtacha | | Monatóireacht | | | |
| | Léitheoireacht chórúil | | Achoimre | | | |
| | Aithint focal | | Tuar | | | |
| | Scileanna Fónaice | | Tátal | | | |
| | Foclóir | | Ceistiú | | | |
| | Réamheolas | | Amharcléiriú | | | |
| | Smaoineamh os ard | | Naisc | | | |
| | Pointí tábhachtacha | | Monatóireacht | | | |
| | Léitheoireacht chórúil | | Achoimre | | | |
| | Aithint focal | | Tuar | | | |
| | Scileanna Fónaice | | Tátal | | | |
| | Foclóir | | Ceistiú | | | |
| | Réamheolas | | Amharcléiriú | | | |
| | Smaoineamh os ard | | Naisc | | | |
| | Pointí tábhachtacha | | Monatóireacht | | | |
| | Léitheoireacht chórúil | | Achoimre | | | |
| | Aithint focal | | Tuar | | | |
| | Scileanna Fónaice | | Tátal | | | |
| | Foclóir | | Ceistiú | | | |
| | Réamheolas | | Amharcléiriú | | | |
| | Smaoineamh os ard | | Naisc | | | |
| | Pointí tábhachtacha | | Monatóireacht | | | |
| | Léitheoireacht chórúil | | Achoimre | | | |
| | Aithint focal | | Tuar | | | |
| | Scileanna Fónaice | | Tátal | | | |
| | Foclóir | | Ceistiú | | | |
| | Réamheolas | | Amharcléiriú | | | |
| | Smaoineamh os ard | | Naisc | | | |
| | Pointí tábhachtacha | | Monatóireacht | | | |

Grúpa: ........................................ Dáta: ..........................

# Grúpaí Léitheoireachta

## Nótaí

| Dalta | Dhírigh muid ar ... | Tacaíocht de dhíth le ... | Líofacht Luas/Prosóid |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |